Timpeallán trioblóideach

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thimpeallán Kirwan i gCathair na Gaillimhe. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. feachtas	a. *centre, core*
2. grúpa timpeallachta	b. *planned*
3. a bhainistiú	c. *junction*
4. beartaithe	d. *lungs*
5. áis oideachais & sláinte	e. *an educational & health resource*
6. croílár	f. *campaign*
7. éiceolaíocht	g. *traffic jam, congestion*
8. obair athchóirithe	h. *achieve, complete*
9. cumar	i. *ecology*
10. brú tráchta	j. *manage*
11. scamhóga	k. *restoration work*
12. cuir i gcrích	l. *environmental group*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair, le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2 Bhí an dá fhocal Bhéarla thíos le cloisteáil sa mhír. Cén Ghaeilge atá orthu? Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

- *wildlife*
- *ecosystem*

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus abair cé acu fíor nó bréagach atá na ráitis seo a leanas.

1. Tá sé i gceist ag Comhairle Contae na Gaillimhe obair athchóirithe a dhéanamh ar thimpeallán Kirwan.
2. Deir an grúpa timpeallachta go ndéanfaidh an obair atá pleanáilte dochar d'fhoraois Thír Oileáin.
3. Baineann timpeall 4 mhíle feithicil agus míle coisí úsáid as an timpeallán ar bhonn laethúil.
4. Deir Micheline Sheehy Skeffington go gcuirfeadh an bóthar tríd an bpáirc isteach ar éiceachóras na páirce.
5. Tá spás glas ag teastáil i gcathair ar mhaithe le sláinte intinne an duine, a deir Michael Tiernan.
6. Bronnadh Cathair Ghlas na hEorpa ar Ghaillimh i mbliana.
7. Beidh costas 1.2 billiún euro ar an obair agus beidh sí críochnaithe i gceann dhá bhliain.

Ceist 4 An cuimhin leat na focail sa mhír a tháinig tar éis na n-uimhreacha seo?

- 'Bhur gcéad _____ ar ais.'
- 'Breis is céad míle _____ atá ag fás i gCoill Thír Oileáin'
- 'Baineann ceathracha míle _____ agus míle _____ úsáid as an timpeallán chuile lá.'
- '1.2 _____ an costas atá luaite leis an obair athchóirithe ar thimpeallán Kirwan agus meastar go dtógfaidh sé dhá _____ an obair seo a chur i gcrích.'

Ceist 5 '…*an-tábhachtach*…'

Cuir an réimír ***an-*** roimh na haidiachtaí seo thíos.

suimiúil	_____
leadránach	_____
maith	_____
olc	_____
beag	_____
mór	_____
te	_____
fuar	_____
glórach	_____
ciúin	_____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. Cén tábhacht a bhaineann le spásanna glasa a bheith i gcathracha?
2. Cén réiteach atá ar fhadhb thráchta an timpealláin, dar leat?
3. Is minic a chuireann forbairt uirbeach isteach ar éiceachórais. Cén réiteach atá ar an bhfadhb sin, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12
f	l	j	b	e	a	i	k	c	g	d	h

Ceist 2
wildlife – fiadhúlra
ecosystem – éiceachóras

Ceist 3
1. Bréagach. Tá sé i gceist ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe obair athchóirithe a dhéanamh ar thimpeallán Kirwan.
2. Fíor.
3. Bréagach. Baineann timpeall 40 míle feithicil agus míle coisí úsáid as an timpeallán ar bhonn laethúil.
4. Fíor.
5. Fíor.
6. Fíor.
7. Bréagach. Beidh costas 1.2 milliún euro ar an obair agus beidh sí críochnaithe i gceann dhá bhliain.

Ceist 4
- 'Bhur gcéad **fáilte** ar ais.'
- 'Breis is céad míle **crann** atá ag fás i gCoill Thír Oileáin'
- 'Baineann ceathracha míle **feithicil** agus míle **coisí** úsáid as an timpeallán chuile lá.'
- '1.2 **milliún euro** an costas atá luaite leis an obair athchóirithe ar thimpeallán Kirwan agus meastar go dtógfaidh sé dhá **bhliain** an obair seo a chur i gcrích.'

Ceist 5

suimiúil	an-suimiúil
leadránach	an-leadránach
maith	an-mhaith
olc	an-olc
beag	an-bheag
mór	an-mhór
te	an-te
fuar	an-fhuar
glórach	an-ghlórach
ciúin	an-chiúin

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Bhur gcéad fáilte ar ais. Tá feachtas ar bun ag grúpa timpeallachta i gCathair na Gaillimhe le Coill Thír Oileáin a chosaint ón bplean atá ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe le trácht sa gceantar[1] a bhainistiú. Deir an grúpa go ndéanfadh an obair atá beartaithe dochar don choill.

Irene Ní Nualláin
Breis is céad míle crann atá ag fás i gCoill Thír Oileáin ar bhruach Abhainn na Gaillimhe. Áis oideachais agus sláinte atá sa gcoill[2] agus croílár éiceolaíochta na cathrach atá ann. Tá plean ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe bóthar a thógáil tríd an gcoill mar chuid d'obair athchóirithe atá beartaithe ar thimpeallán Kirwan ar imeall na cathrach. Baineann ceathracha míle feithicil agus míle coisí úsáid as an timpeallán chuile[3] lá. Cumar atá sa timpeallán ag cúig bhóthar agus is minic a bhíonn brú tráchta ann.

Micheline Sheehy Skeffington, Iar-Léachtóir le Luibheolaíocht OÉG
Tá sé cosúil le scamhógaí[4] na cathrach. Níl áit cosúil leis sin in (aon) áit (eile) i gCathair na Gaillimhe. Agus tá sé cosúil le pasáiste glas nó *wildlife corridor* ... do na hainmhithe ag dul ó áit go háit[5]. Má bhriseann tú suas é sin … agus tar éis sin níl an pasáiste agus an *ecosystem* ... níl sé coimeádta suas.

Michael Tiernan, Lucht Feachtais Choill Thír Oileáin
Tá muid i gcoinne bóthar dul tríd an pháirc[6], mar tá sé an-tábhachtach do na daoine spás a bheith acu dul tríd an pháirc agus d'intinn daoine. Mar tá a lán daoine ann inniu agus tá galar intinne acu, agus tá sé an-tábhachtach spás (a bheith) acu dul thart agus siúlóid (a bheith acu) istigh[7] sa pháirc sin.

Irene Ní Nualláin
Tá stádas Cathair Ghlas na hEorpa bronnta ar Chathair na Gaillimhe i mbliana, agus tá lucht feachtais ar a ndícheall ag iarraidh an choill a chosaint.

1.2 milliún euro an costas atá luaite leis an obair athchóirithe ar thimpeallán Kirwan agus meastar go dtógfaidh sé dhá bhliain an obair seo a chur i gcrích. Cuirfidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe tús le comhairliúchán poiblí faoin obair atá beartaithe ag deireadh na míosa.

Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4 i gCathair na Gaillimhe.

[1] Córas Chonnacht
[2] Córas Chonnacht
[3] *gach uile* an leagan caighdeánach
[4] *scamhóga* an leagan caighdeánach
[5] *go háit go háit* a deirtear
[6] Córas Uladh
[7] *isteach* a deirtear